AG BREAṪNÚ SIAR

DONALL MAC AMHLAIBH

Tá gár do dá scór sa mbuíon oib-re seo, sé sin leis an méid ag-ainne a h-aṫruíoḋ as buíon Ṁáirtín a ċur san áireaṁ. Leadsaí an-ḋeasa iad den gcuid is mó agus tá siad an-tugṫa don díospóireaċt. Níl uair ar biṫ a mbaileó' scata acu le céile ag déanaṁ rud éicint naċ dtosnó' siad ag sárú faoi peil nó faoi cúrsaí poilitíocta (in Éirinn) nó faoi áḃbar eicint eile. Lad as Dún Ċeannainn an duine is glórai ḋíoḃ agus níl air aċ a ḃéal a oscailt leis an gcuid eile a ṫarraingt anuas 'na mullaċ. Dá ndéarfaḋ sé go mba ḃreá an lá é gaḃfaidís ag sárú air nárḃ ea, aċ droċ-lá. Caitliceaċ é lad Ṫír Eoin aċ bíonn sé féin agus Albannaċ as Glascú ag leigin orṫu féin go ḃfuil ómós an doṁain acu do Liam Óráiste; agus níl aon uair dá ndéarfaiḋ duine de na leadsaí rud eicint maslaċ faoi'n rí sin naċ mbainfiḋ an beirt seo na caipíní ḋíoḃ féin go leagfaḋ siad go h-ómósaċ ar a n-uċt iad. Nuair a ṫéigeann an Caledonian nó an Royal Scot ṫairis annsin, baineann Seoic de a ċaipín arís agus seasann sé ar aire. Annsin nuair a ḃíos an traen imí as aparc déarfá sé go truaiṁéalaċ, mar ḋói ḋé:

"Och there goes anither train-load o' lucky Scotch people away hame frae the land o' the Sassenach," agus 'ċuile seans go n-abró sé béarsa de 'Ye Banks and Braes.' Aċ nuair a ṫéigeann an Shamrock ṫart ar a bealaċ ó Holyhead go Lonndain leigeann sé béic as:

'Surely its no possible they're sendin' over mair Paddies to do us out o' a job? Where are they all commin' frae, anyway?'

Téigeann lad Ḋún Ċeannain ag cuidiú leis annsin, mar ḋói ḋé naċ ḃfuil fios aige beirṫe ná beó cé'n fáṫ naċ ḃfanann muinntir na Poblaċta sa mbaile. Aċ seasann buaċaillí na Sé Ċonntae Fiċid ar aire sin. nó croiṫeann siad láṁa go fáilteaċ ar an Shamrock, 'siad ag béiċiú: "Mura ḃfuiġ' siḃ obair i Lonndain féadfaiḋ siḃ a ṫeaċt aníos annseo agus cuirfiḋ muid amaċ na h-Oráistiġ le h-áit a ḋéanaṁ ḋíḃ." Tá lad beag de ḋríoṫár ag mo ḋuine as Dún Geannain agus ní ḟaca mé fear ar biṫ riaṁ is mó tá in agaiḋ rudaí ná é. Tá sé in agaiḋ damsaí, tá sé in agaiḋ picṫiúirí, tá sé in agaiḋ fir a ḃeiṫ ag dul ṁnaí agus ná fiafraí ḋíom cé naċ ḃfuil sé ina agaiḋ. Patsaí a ṫugann siad ar an ḃfear seo agus tá sé fonṫaċ coilgineaċ. Bíonn rud éicint ag goilliúint i gcónaí air agus ḃéarfaiḋ sé ar ṁuinnċile do ċóta ort le tú ṫarraingt ar leaṫṫaoḃ ċun a ċuid barrúla a ċur 'na luí ort. D'ḟulaing mé féin inniu, ag éisteaċt leis, agus geall mé naċ mbéarfaí có réiḋ sin arís orm. Bligeárdaíoċt na d-Taiḋgíní is mó a ḃí ag cur as dó, agus ṁair sé ar fea leaṫ uair ag cumaḋ bealaiġ éagsúla le na maicíní sin a ċlaoi. "Dá mbeinnse i gcoṁaċt sa dtír seo.' ar seisean, "ṫiúrfainn arais na "stocs" a ḃíoḋ ann fadó agus ċuirfinn ceann acu i lár an ḃaile ṁóir agus uair ar biṫ a mbéarfainn ar Teddaí ag déanaṁ aon ceo as bealaċ nó ag tarraingt aċrainn, ċuirfinn 'sna "stocs" é agus déarfainn leis an bpobal fré ċéile a ṫeaċt agus 'ċuile ċineál spídiúlaċta a ḋéanaṁ air." Ní raḃ sé inḋan feiceáil go musclóḋ an obair sin tuille brúidiúlaċta i gcroiṫe na ndaoine nó go mbeaḋ meón agus dearcaḋ an ḃeagáin a dtugtar Teddies anois orṫu, ag an mórán. Feairín an-ḃeag ar fad é agus sílim go b'ṡin tá faoi ndear an oiread sin fuaṫa a ḃeiṫ 'na ċroí aige do ḋaoine eile. Tá dtaoḃ na sean daoine a ṁair in Éirinn go dtí leaṫ-ċéad bliain anuas nó mar sin. Dár leis go mba naoiṁ ar fad iad—daoine maiṫe staidéarṫa naċ ndéarna aon ċoir ariaṁ aċ ag obair go dian agus ag paidreóireaċt.

"Ó, dá ḃféadfaḋ muid filleaḋ ar an uair órḋa sin," adéarfaiḋ sé de ġlór dólásaċ, "dá ḃféadfaḋ Éireannaiġ an lae inniu a ḃeiṫ cosúil len a sinnsear, ag gráḋú a ċéile is ag cabrú le céile agus ag ullṁú a n-anmna don ḃeaṫa síorruí"; síleá le ḃeiṫ ag éisteaċt leis nár briseaḋ aon ċloigeann riaṁ lá aonaiġ le buille ṁaide ḋroiġne nó nár ṡáṫ aon tuaṫ a ċoṁursa le píce ó tús an tsaoil. Aċ is siad na mná is mó a ṫuilleann a ġráin agus níl teóra ar biṫ leis an spídiúlaċt tá in ḋán dóiḃ sin nuair a caillfear iad. "Róstfar iad, loiscfear iad, beiḋ na deaṁain agus na diaḃail dá dtarraingt ó ċéile agus cloisfear a nglórṫa cráiṫte ag déanaṁ macalla ṫíos in íoċtar Ifrinn," adéarfaiḋ sé; agus l'aiṫneóċá air naċ mbéaḋ a ḃaṫ truaí aige ḋóiḃ.

DIARDAOIN 1-4-1960

Ċuala muid ar maidin go ḃfuil an méid den tsean ḃuíon sin againne a d'ḟan ag Máirtín Dairḃ le ḃeiṫ leigṫe 'un bealaċ aṁáireaċ, aċ níor ḋúraḋ aon ċeo linn fúinne. Tá Tomás mór agus Taḋg, a ḋrioṫár, le ṡaiceáil; tá an Feilméar Góilín, lad Mag Loċa, an Coileánaċ, Cearrualaċ Páirc an Oileáin, Durcan Ṁuigeó agus lad Liaḋtroma (é sin a ḃfuil an staid ann) le leigin 'un bealaċ freisin agus níl annsin aċ an cuid is túisce a ṫeagann ċun ċuiṁne dom. Aċ ní gá aċ raḃaiḋ dá uair a cluig a ṫúirt don fear a ḃéas le ṡaiceáil agus mar sin tá neart triáil fós acu le'n innseaċt dúinne. Seaċtar againne a seolaḋ annseo ó ḃuíon Ṁáirtín agus as an seaċtar sin ḃí ceaṫrar as láṫair oíċe na stailce. Mar sin níl aċ triúr againn — Tír Eoin, Gerri Beag as Dún na nGall, agus mé féin—le ṡaiceáil annseo. Deaṁan ar miste linn anois faoi, arae tá cuid maiṫ jobannaí tosuí ṫart ar Northampton agus ba ceart naċ mbeuḋ moill ar biṫ ar fear ag fáil obair. Crá Patsaí beag sin arís inniú mé agus ċinn orm éaló uaiḋ. Peictiúirí mí-ṁóráltaċa ar an dTeleḃís is mó tá ag cur as dó anois, agus go duine tá có mór in éadan na bpictiúir céaḋna — mná leaṫ-noċt is a leiṫéide — is cosúil go gcaiṫeann sé go leor dá ċuid saorama ag bréaṫnú orṫu. Is ionṫaċ go deo cé có dáiríre is tá sé faoi na rudaí céaḋna agus bíonn strainc scannruíoċ ar a éadan ag cur síos dó ar a ḃéas le fulaint ar ball ag na peacaiṫe. Aċ tá tuiscint don ġreann freisin aige cé gur anaṁ leis aon ġreann a ḋéanaṁ agus ċeapfainn dá mbéaḋ stumpa beag de ḃean aige féin go dtláṫfaḋ sé anuas. Ḋóḃair dom mo ḋruim a ġortú inniú ag iompar ráille seascatroiġ mar ḃí duine de na fir duḃa údan de mo 'ṁaṫáil' agus ni raḃ ann aċ go raḃ a láṁ leagṫa ar an 'tlú' aige ná bac le ḃeiṫ dá ċroċaḋ. Ḃain mé stangaḋ maiṫ as mo ḋruim agus ḃí sé sáċ fada go dtáinic mé ċugam féin 'na ḋiaiḋ sin.

Daoine deasa iad ar go leor bealaiġ agus tá siad ṫar a ḃeiṫ croíúl aċ maidir le go gcuirfidís aon tsíleáil orṫu féin ag obair—baol orṫu, muis! Arthur is ainm don 'dTaoiseaċ' tá orṫu agus isé sin an duine is leisciúla uiliġ ḋíoḃ. Nuair a ḃí muid in éadan na "dogs" inniu ag iompar na ráillí, ḃí Arthur gan máta agus ó ḃí, níor ḟéad sé na "dogs" a láiṁseáil. Ċuaiḋ sé ag déanaṁ agus ḃí sé có bródúil leis an ndiaḃal faoi gur fágaḋ i gceannas é. Níor ċuir sé mórán ċaidéise ar biṫ ar an gcuid eile againn aċ "ṫáiniġ sé an gadar" ceart ar a ṁuinntir féin, é dá ngríosaḋ, dá gcáineaḋ agus dá n-iṫe. Ḃí muid-ne ag fáil anspraoi air 'sé ag bualaḋ a ḋá bois ar a ċéile có máistriúil le himpire; aċ ṫáinic an ganger ann-sin agus ċuir sé sluasad isteaċ ina láṁ gur ḋúirt sé leis a ḋul agus meall créafóige a ċartaḋ as an mbealaċ. Aċ ṫóigfeaḋ sé níos mó ná aon ganger aṁáin leis an 'dTaoiseaċ' a ċoinneáil ag obair, mar, deis ar biṫ dá mbeiḋ aige ċuige, leigfiḋ sé a sciṫ. Bíonn sean-ṫrasnáin dá dó annseo acu 'ċuile lá mar naċ meastar gur fiú iad a ṡáḃailt, aċ múċtar an teine tráṫnóna ar faitíos faitíos. Dúraḋ leis na lamacánaiġ, tráṫnóna, a ḋul agus uisce a ṫarraingt ċun an teine a ṁúċaḋ agus ċuaiġ 'ċuile fear díoḃ go ḃfuair sé buicéid; aċ ní ḋéarna an 'Taoiseaċ' a ḃaṫ aċ seasaṁ le taoḃ an "tap" dá scaoileaḋ is dá stopaḋ ag líonaḋ na mbuicéad don gcuid eile. Tá obair ṫrom go leor annseo don té a ḋéanfas é aċ fearaċt 'ċuile job eile tá dream ann naċ ndeineann aċ an méid is éigin dóiḃ. Sea's go b'é aṁáireaċ an lá deiriḋ dúinne annseo.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

OBAIR ṀAIṪ DÉANTA AIGE

Ḃí dinnéar agus oíċe caidriṁ insan "Travellers Rest" i gCaisleán an Ḃarraiġ oíċe Ċeadaoine seo caite. an 28ú lá d'Aibreán, in onóir do Pádraic Ó Loċlainn, Príoṁ-Oifigeaċ Feiḋmeaċáin Coiste Gairm-oideaċais Ṁuigeo le linn dó a ḃeiṫ ag éirí as oifig. Tá sé ag taḃairt seirḃís i gCo. Ṁuigeo le trioċa bliain, agus is mór ar fad an obair atá déanta aige le gairm-oideaċas a ċur ċun cinn insan ċondae ar feaḋ an ama sin.

SIOCAIṪE MARḂ

Fuarṫas seanḃean, Máire Bn. Young, 67 bliana d'aois, marḃ, ina cónaí féin i mBéal Feirste, ⁊ ba é an ḃreiṫ a ṫug an Giúire (Coiste Cróinéara) uirṫí nó gur siocú ċun báis í. Dúirt an Croinéir gurḃ é an ċéad ċás dá leiṫéid a raiḃ sé ag deigleáil leis. Ba dóiġe adúirt sé, naċ an seanḃean ag caiṫeaṁ go leor éadaí don aimsir ḟuar. Dúirt a h-iníon, Bn. Uí Páircéir, go ḃfuair sí a máṫair 'na luí taoḃ istiġ do ḋoras na cistine.

COISTE COSANTA AG LEAṪNÚ

Tá Coiste Cosanta an Iarṫair ag tosnú ar feaḃas i nGaillim. An an gCeadaoin an 30ú lá de Ḃealtaine, beiḋ cruinniú in Óstáin Uí Éidín, Béal Áṫa na Slua, agus mineóiḋ an tAṫ. Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille, agus cainteoirí eile, feiḋmeanna agus cuspóirí an eagrais. Ḃí sé le ḃeiṫ ann Dé Ceadaoine seo caite, aċ b'éigin é ċur siar toisc naċ raiḃ ċuile rud réiḋ ċuige. Tá suim ṁór dá ċur insan eagras i nGaillim.

ARÁN NÍOS DAOIRE

Dé Luain na seaċtaine seo ċuaiġ luaċ an aráin suas ar fud na tíre. Tá leiṫ-ṗiginn eile ar an builleóg ḋá-ṗunt. Tá an builleóg beag (builleóg punta) 9¼d. anois agus an builleóg mór ḋá-ṗunta 1s. 5½d. agus an builleóg pan, mar deirtear 1s 6d. Is féidir go ndéanfaí aṫ-ḃreiṫniú

COGAR

Ba ġnáṫ le gasúr óg trí bliain go leiṫ teaċt isteaċ sa scoil corr uair nuair a ḃeaḋ a ṁáṫair ag taḃairt na páistí ba ṡine ná eisean, 'na ḃaile léi. An lá seo, isteaċ le Seáinín óg de riṫ ċuig doras seomra an dara ranga, ⁊ ar seisean in árd a ċinn as a ġoṫa. "Dúirt Mamaí liom cogar a ċur i gcluais Ṁáire, ag rá léi teaċt na ḃaile go gasta anois díreaċ aċ ní ṫig liom a cluas a ḟáil!

NÍ MAR SÍLTEAR A BÍTEAR

Ḃí dinnéar breá ag an fear seo agus ansin fuair sé an bus deirneaċ na ḃaile agus an tráṫnóna fliuċ go maiṫ. "Lom lán istiġ a ḋuine" arsan díoltóirticéad leis. Stán mo ḋuine idir an dá súil air, agus ar seisean go mí-ṡásta ansin: "An ṗáisnéis é seo uait nó asaċán?!

An Dálaċ: Ba ṁaiṫ liom dealḃ de ċeoltóir iomráite a ċur ḃárr ṗianó mo ṁic is óige. Cé'n ceoltóir a ba ċóir dom a toġaḋ?

An Doċtaraċ: Beethoben a ḋéarfainn féin. Ḃí seisean bodar tá's agat!

CUIRFIḊ MÉ MO RÉIḊ GEALL

Ag scrúdú na Croise Deirge uair aṁáin, cuireaḋ ceist ar iarrtóir aṁáin: "Caidé ḋéanfá dá ḃfaiġteá fear na luí i laige?"

"Taḃarfainn braon bránndaí dó," arsa seisean.

"Agus cur i gcás naċ raiḃ bránndaí ar biṫ agat san am?

"Ó mar sin," arsa mo ḋuine, "ġeallfainn bránndaí dó!"

COṀAIRLE EASPAIG D'ÉIREANNAIĠ

Ṫig leat níos mó airgid ḃeiṫ id' póca agat ṫar sáile, aċ ní ḃéiḋ agat 'ċoíċe áit ċoṁ maiṫ le ḃeiṫ beo ann, ná daoine ċoṁ maiṫ mar do ċoṁarsana. Coinniġ do ċuid talaṁ. Ná scáraiġ leis do Ċoimisiún na talúin, ná don stráinséir, ná do ḃodaċ an airgid. Is duine éigin ṫú, fad is tá tú id' feirmeoir fiú aṁáin má's feirmeoir beag féin atá ionnat, aċ ní mar sin duit i gcónaí, nuair naċ ḃfuil ionat aċ oiḃrí i gcampa, ná ar lóistín, agus id' ḋeoraí boċt ó Éirinn.

—An Dr. Urr. Luasaiġ.

BUILLE FÁ DTUAIRIM

Le linn scrúdú san scrioptúir, ḃí gasúr óg i bpunnc fá'n ċeist seo: "Caidé tá le rá agat fá Ahab?" Ní raiḃ faic ar eolas aige fá'n duine seo. Aċ ḃí tuairim éigin aige naċ raiḃ an rí seo ċoṁ maiṫ as ba ċóir dó. Seo mar d'ḟreagair an gasúir an ċeist: "Dá laigeaḋ a deirtear fá Ahab is aṁlaiḋ is fearr é!"

TÓṀAIS AGAM ORT

Caidé ṫéann ó Bla' Cliaṫ go Doire gan bogaḋ ariaṁ?

CEAL-CUIṀNE

Ḃí beirt ġasúr ag cur agus ag cúiteaṁ fá dá uncail leofa a ḃí dona go maiṫ dioġḃáil cuiṁne. Arsa duine aca: "Tá m'uncalse ċoṁ dearmadaċ sin go deaċaiḋ sé amaċ le ḋul suas ar a roṫar agus ṫiṫ sé mar naċ raiḃ aon roṫar ansin! Arsan dara gasúr: "Ní dadaiḋ sin a ċara. Tá m'uncal féin níos measa. An gcreidfeá gur las sé cipín solais uair aṁáin go ḃfeicfeaḋ sé ar ṁúċ sé an coinneál!

Cailín ḋóiġiúl (indiaiḋ damsa) — Ḃí oíċe ḃreá agam agus na fir óga san ċiall is aigeantaċ mó ḋiaiḋ aréir. Níor ṡuiġ mé oiread is uair aṁáin agus ní mó ná go dtig liom mo ḃróga fáil orm inniu.

Cailín deas eile (aoiḃ an ġáire uirṫi) — An ḃfuil do ċosa ataiṫe fosta?

ROSMUC

Imeasc na ndaoine ón ċeantar a ċuir spéis mór insan turas go Rosmuc, Dé Doṁnaiġ, ḃí Máire Bean Uí Ċoistealḃa (Ní Ċonfaola roiṁ pósaḋ dí) as Turloċ, Rosmuc. Tá sí 'na cónaí anois i gcaṫair na Gaillime, aċ nuair a ḃí sí ina cailín óg, ċan sí aṁráin Gaeilge do Ṗádraig Mac Piarais, agus ḃí sé ċoṁ sásta léi go dtug sé £1 iomlán dí — suim mór airgid an t-am sin. Ba ġnáṫ léi teaċtaireaċtaí a ḋéanaṁ do ḋeirfiúr Ṗádraic, Mairéad, atá anois ina Seanadóir. Ḃí aṫair Ḃean Uí Ċoistealḃa, Miċeal Ó Conḟaola, naċ maireann, cainteoir dúċais, go minic istiġ insan tigín, ag Pádraic Mac Piarais, áit a mbíoḋ sé ag teagasc Gaeilge do Ṗádraic.

CARNA

Ċaiṫ Miċeál Mac Liammóir ⁊ a rúnaí príoṁáideaċ, Brian Ó Toiḃín, cúpla lá ar saoire i gConamara, deireaḋ na seaċtaine seo caite.

Tá an Gárda S. Ó Céilleaċar, aistriṫe ón gCloċán go Leitir Fraic.

Ḃí gaċ uile tiġ ósta i gConamara líonta do ḋeireaḋ seaċtaine na Cásca, agus ḃí slua maiṫ a ṫáiniġ na ḃaile don Ċáisc ċoṁ maiṫ.

Tá ċuile ċosúlaċt air go ḃfuil séasúr na turasóireaċta ag tosnú níos luaiṫe ċuile bliain.

Tá Bean Ċolm Uí Ċaḃain, Inis Bó Finne, taréis teaċt na ḃaile indiaiḋ ċuairt sé-ṁí ar na Stáit Aontaiṫe. Ċuaiġ sí go Nua Eaḃraċ ag fanaċt lena beirt iníon pósta, agus 'na ḋiaiḋ sin, ċuaiġ sí go California ar cuairt ag deirfiúr dí.

Ḃí cuid mór cuairteoirí i gceantar Iorrais le linn seaċtain na Cásca agus bíodar ana ṡásta lena gcúrsa insan áit. Tá tráċt go dtosnóiḋ turasóireaċt in Acaill agus in Iorras níos luaiṫe feasta.

Ag Coṁḋáil na Múinteoirí i nGaillim 'um Cásc. dúirt an tUaċtarán gur ċeart níos mó seans a ṫaḃairt fá ċoinne labairt na teangan ins na scoltaċa, agus níos lú obair scríofa a ḃeiṫ ann.

Ag Cárna Dé Doṁnaiġ d'imir Cárna agus an Cloċán insan léig peil sóisear. Tomás Ó Congaola